

Comhairle Contae Lú



**Tuarascáil
Bhliantúil
2015**



CLÁR

Réamhrá ón gCathaoirleach	2
Foramharc ón bPríomhfheidhmeannach	3
Oifigí Chomhairle Contae Lú	4
Ceithre Thoghcheantar Lú (& 3 Cheantar Bardasach)	5
Comhaltaí Tofa	
— Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia	6
— Toghcheantar Dhroichead Átha	7
— Toghcheantar Dhún Dealgan/Chairlinn	8
— Toghcheantar Dhún Dealgan Theas	9
Gnóthaí Corparáideacha	10
Tithíocht agus Pobail	18
Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Lú	23
An tAonad Spóirt	26
Tacaíocht Pobail	29
Leabharlann, Cartlanna agus Seirbhísí Músaeim Chontae Lú	32
Oibríochtaí agus Seirbhísí Áitiúla	37
Forbairt Eacnamúil Lú, LEO, Ealaíona, Pleanáil, Turasóireacht, Oidhreacht, Caomhnú	40
Figiúirí Airgeadais	47
Táblaí agus Aguisíní	
– Príomhtháscairí Feidhmíochta	50
– Taifead Tinrimh na gComhaltaí ag Comhdhálacha	56
– Íocaíochtaí le Comhaltaí as cruinnithe, – coistí, íocaíochtaí uiríll, srl	57
– Ionadaíocht ar an SPC srl	58
– Ionadaíocht ar an MPC srl	59
– Struchtúr an Chomhchoiste Póilíneachta	60



RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH



Peter Savage
Cathaoirleach

Is deis dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo chun machnamh a dhéanamh ar ár gcuid gníomhaíochtaí agus ar an méid a d'éirigh le Comhairle Contae Lú a dhéanamh i gcaitheamh 2015. Is onóir dom é a bheith im' Chathaoirleach agus ionadaíocht a dhéanamh ar son Lú mar a chéad saoránach.

Le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach, leabaíomar forálacha an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 sa Chomhairle le cinntiú go mbeadh Comhairle níos éifeachtaí agus níos fearr ag saoránaigh an chontae agus go dtarlódh fíorathrú sa chontae.

B'ábhar mórtais dom mar Chathaoirleach leanúint de bheith ag tacú le hiarrachtaí Chomhairle na nÓg agus a n-óráid don Chomhairle le linn 2015 a éascú. Is trí obair leanúnach na Comhairle agus an bhéim a leagaimid ar a thábhachtaí atá an daonlathas áitiúil don óige gur féidir linn a chinntiú go mbeidh seomra na Comhairle ina institiúid bheomhar i gcónaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhairleoirí eile i gComhairle Contae Lú as a dtacaíocht mhór dom le linn mo théarma mar Chathaoirleach Lú. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil, freisin, leis an bPríomhfheidhmeannach, Joan Martin, as an treoir agus an tacaíocht a thug sí dom.

Ar deireadh táim buíoch d'fhoireann uile na Comhairle, lasmuigh agus laistigh, as an obair chrua a dhéanann siad chun tacú le muintir Lú agus raon leathan seirbhísí a chur ar fáil. Mar fhocal scoir, admhaím iarrachtaí na ndaoine ar fad a chuidíonn le saol eacnamúil, sóisialta agus cultúrtha an chontae seo, ag iarraidh pobail níos láidre a thógáil agus a chinntiú gur iontach an áit é Lú chun dul i mbun cónaí nó oibre ann. Táim ag tnúth le dul i mbun oibre libh ar fad amach anseo.

An Cllr. Peter Savage,
Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú



FORAMHARC ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Ms. Joan Martin,
Príomh-
fheidhmeannach

Bliain fhíorghnóthach agus táirgiúil ab ea í seo do Chomhairle Contae Lú. Tugadh faoi chomhtháthú, pleanáil, cur chun cinn agus cur chun feidhme i 2015. Thug clár oibre na leasuithe a leagadh san Acht Rialtais Áitiúil 2014 idir dhúshláin agus deiseanna do Chomhairle Contae Lú.

Tosaíodh ar fhostaithe a earcú arís tar éis an mhoratóra agus líonadh roinnt post tábhachtach san eagraíocht. D'fhág baill foirne eile an eagraíocht chun dul ar scor; gabhaimid buíochas leo as a gcuid seirbhísí agus guímid gach rath orthu ina dtréimhse scoir.

Athrú tábhachtach amháin a rinneadh ná ról an phobail áitiúil a mhéadú agus an Plean Áitiúil Eacnamúil agus Pobail á fhorbairt. Ghlacamar go fonnmhar leis an deis sin i Lú. Chuamar i mbun oibre leis na baill tofa agus le príomh-gheallsealbhóirí eile chun próiseas beomhar leathan caidrimh a bhunú chun tacú le fás eacnamúil agus forbairt pobail sa chontae. Rinneadh na struchtúir agus nósanna imeachta oibre, a bunaíodh le cinntiú go n-oibreodh an grúpa méadaithe ball tofa i dteannta a chéile go héifeachtach, a leabú le linn 2015.

Tá a seacht ndícheall á ndéanamh ag Lú chun bheith ar cheann de na húdaráis áitiúla is fearr ó thaobh cur chuige nuálacha a ghlacadh i leith cóiríocht a sholáthar, agus oibreoidimid i gcónaí leis na geallsealbhóirí uile le cinntiú go nglacfaimid go fonnmhar le slite nua éagsúla chun riachtanais ár saoránach a chomhlíonadh.

Gheofar léargas sa tuarascáil bhliantúil seo ar phríomh-éachtaí na Comhairle i 2015 agus is pléisiúr mór dom é a mholadh do na Baill.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus na Baill as a gcuid tacaíochta i 2015 agus leanfaimid orainn de bheith ag cur ceannaireacht mar aon le seirbhísí ar ardchaighdeán, dírithe ar an saoránach, freagrúla agus éifeachtacha ar fáil.

Joan Martin,
Príomhfheidhmeannach




Oifigí Chomhairle Contae Lú

Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, ▼
Dún Dealgan, Contae Lú.



Ionad Seirbhísí Cathartha Lú Láir,
Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia,
Co. Lú. ▼

◀ Halla an Bhaile, Sr. Crowe,
Dún Dealgan, Co. Lú.




▲ An tIonad
Cathartha,
Sráid an Aonaigh,
Droichead Átha,
Co. Lú .





CEITHRE THOGHCHEANTAR ÁITIÚLA LÚ

Dún Dealgan - Cairlinn	
Dún Dealgan - Theas	
Bhaile Átha Fhirdia	
Droichead Átha	



CLÁR NA DTOGHTHOIRI

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé freagrach as cinntiú go mbeidh an deis ag saoránaigh incháilithe a vóta a chaitheamh.

Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh uile atá i dteideal vótála, i dtoghcháil áitiúla, olltoghcháin, toghcháin uachtaránachta agus reifrinn.

Trí Cheantar Bhardasacha Lú

Ceantar Bardasach Dhún Dealgan	
Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdia	
Ceantar Buirge Dhroichead Átha	



BAILL THOFA CHOMHAIRLE CONTAE LÚ

Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia (6 bhall)



CUNNINGHAM, Tom (Sinn Féin)

4 Oriel Cove, Ceann Clochair, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 087-3717884
Ríomhphost: tom.cunningham@louthcoco.ie



MARKEY, Colm (Fine Gael)

Baile na gCorr, An Tóchar, Droichead Átha, Co. Lú.
Fón póca: 087-8317500
Ríomhphost: colm.markey@louthcoco.ie



McGEOUGH, Pearse (Sinn Féin)

8, Bailtíní Naomh Muire, Cill Sáráin, Caisleán an Ghearlánaigh, Co. Lu
Fón póca: 086-8135447
Ríomhphost: Pearse.McGeough@louthcoco.ie



MINOGUE, Dolores (Fine Gael) - *Leas-Cathaoirleach*

Whitefield, Sráid Jervis, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Fón póca: 087-1880166
Ríomhphost: dolores.minogue@louthcoco.ie



REILLY, Liam (Fianna Fáil)

Gráinseach an Mhuilinn, Droim Ineasclainn, Dún Dealgan, Co. Lú
Fón póca:
Ríomhphost: info@liamreilly.ie



TENANTY, Jim (Neamhpháirtí)

Riverbank, Sráid Jervis, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Fón póca: 087-3717883
Ríomhphost: jim.tenanty@louthcoco.ie



Toghcheantar Dhroichead Átha (10 mball)



BELL, Paul (An Lucht Oibre)

109 Garrán Bál, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-1206736

Ríomhphost: paulbell1@eircom.net



BYRNE, Tommy (Fianna Fáil)

10 Bealach an Fhómhair, Halla na Cruithneachta, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 086-8201439

Ríomhphost: info@thomasbyrne.ie / tommy.byrne@louthcoco.ie



CALLAN BL, Kevin (Neamhpháirtí)

20 Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú

Fón póca: 087-7776648

Ríomhphost: kevin.callan@louthcoco.ie



CASSIDY, Alan (Sinn Féin)

Cnoc an Rátha, Tulach Álainn, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 085-7396995

Ríomhphost: alan.cassidy@louthcoco.ie



CULHANE, Richie (Fine Gael)

34 Ascaill Melrose, Steach Mín, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-6469495

Ríomhphost: richie.culhane@louthcoco.ie



FLOOD, Kenneth (Sinn Féin)

30 Sráid na Breacóige, Sráidbhaile Aston, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 085-2133606

Ríomhphost: kenneth.flood@louthcoco.ie



GODFREY, Frank (Neamhpháirtí)

Tigin Ghleann na Bóinne, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 086-6060261

Ríomhphost: frank.godfrey@louthcoco.ie



MUNSTER, Imelda (Sinn Féin)

252 Páirc Mhainistir Bhuithe, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-7586320

Ríomhphost: imelda.munster@louthcoco.ie



SMITH , Pio (An Lucht Oibre)

37 Faiche na Foraoise, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-9460673

Ríomhphost: pio.smith@hotmail.com



TULLY, Oliver (Fine Gael)

Baile Trá, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 086-8245715

Ríomhphost: tullyoliver@yahoo.co.uk

Toghcheantar Dhún Dealgan/Chairlinn (6 bhall)



CORRIGAN, Edel (Sinn Féin)

An tÁdh Buí, Mountpleasant, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 085-8476660

Ríomhphost: edel.corrigan@louthcoco.ie



DEAREY, Mark (An Comhaontas Glas)

Corr an Chait, Ó Méith, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-2358197

Ríomhphost: mark.dearey@louthcoco.ie



KEELAN, Conor (Fianna Fáil)

Lóiste na nDarach, Bóthar an Iúir, Bóthar an Iúir, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-7773200

Teil: 042-9336727

Ríomhphost: conor.keelan@louthcoco.ie



LOUGHRAN, Jim (Sinn Féin)

Blackgate, Gleann na bhFiach, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-7475069

Ríomhphost: jim.loughran@louthcoco.ie



McGAHON, John (Fine Gael)

Gairdíní Fhochairde, Ardán Phádraig, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 085-1720143

Ríomhphost: john.mcghon@louthcoco.ie



SAVAGE, Peter (Fianna Fáil) - Cathaoirleach

Carn na nAol, Gráinseach an Mhuilinn, An Grianfort, Co. Lú.

Fón póca: 087-1364378

Ríomhphost: peter.savage@louthcoco.ie



Toghcheantar Dhún Dealgan Theas (7 mBall)



BREATH NACH, Declan (Fianna Fáil)

Droichead an Chnoic, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-2697638

Ríomhphost: declan.breathnach@louthcoco.ie/
declan.breathnach@gmail.com



BUT LER, Marianne (An Comhaontas Glas)

Cophthorn, Bóthar na hAscaille Íochtarach, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 086-8677672

Ríomhphost: marianne.butler@louthcoco.ie



DO YLE, Maria (Fine Gael)

6 Bóthar na Dara, Lis na Dara, Bóthar na Carraige, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 086-8770894

Ríomhphost: maria.doyle@louthcoco.ie



GREEN, Jennifer (Sinn Féin)

Ascail Uí Mhaolchalann, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-1446518

Ríomhphost: jennifer.green@louthcoco.ie



MEENAN, Kevin (Sinn Féin)

5 Radharc an Íostáin, Bóthar na Feirme, Áth na gCasán, Dún Léire, Co. Lú.

Fón póca: 085-8589241

Ríomhphost: meenan.kev@gmail.com



SHARKEY, Tomás (Sinn Féin)

Baile Alaird, Droichead an Chnoic, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-9090629

Ríomhphost: tomassharkeylouth@gmail.com



YORE, Maeve (Neamhpháirtí)

2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-6172127

Ríomhphost: maeve.yore@louthcoco.ie



GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

CRUINNITHE DE CHOMHAIRLE CONTAE LÚ – 2015

Cruinniú Míosúil	11
Cruinniú Speisialta	2
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
CPG (Grúpa Beartais Chorporáidigh)	10
Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh	
Ceantair Buirge Dhroichead Átha	12
Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia	12
Ceantar Bardasach Dhún Dealgan	13
Coiste Beartais Straitéisigh (SPCanna)	
SPC – Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Pleanála & Éigeandála	5
SPC – Forbairt Eacnamúil & Tacaíocht Fiontair	4
SPC – Pleanáil & Comhshaol	4
SPC – Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann	5
Comhchoistí Póilíneachta (LPFanna)	
LPF – Dún Dealgan	2
LPF – Droichead Átha	1
LPF – Baile Átha Fhirdhia	1
Comhchoiste Póilíneachta - Coiste Grúpa Stiúrtha	3
Líon iomlán na gcruinnithe i 2015	87



CRUINNITHE DEN CHOMHAIRLE

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú an tríú Luan de gach mí, mar aon le cruinniú reachtúil buiséid agus Cruinniú Bliantúil agus anuas air sin cruinnithe speisialta ó am go chéile de réir mar is gá chun déileáil le saincheistean ar nós an athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Contae. Tionóladh 15 chruinniú san iomlán i 2015.

Bhí an **Cruinniú Buiséid** reachtach ann an 16 Samhain 2015 ag ar bhreithnigh an Chomhairle €95,708,990 d'ollchaiteachas ioncaim i gcás 2016 agus ar aon dul leis an reachtaíocht nua a tugadh isteach i 2014, ghlac siad Bonnaráta de €60 le baint amach laistigh de 9 mbliana. De réir na reachtaíochta, níor athraigh rátaí 2015 ó 2014 (ráta bliantúil ar €60 de luacháil). San áireamh sa tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i dteannta an dréachtbuiséid bhí tuarascálacha ó gach ceann de na stiúrthóireachtaí ar an dul chun cinn a rinneadh i 2015 i bhfianaise an Phlean Chorporáidigh roimhe sin.

COISTÍ CEANTAIR BARDASAIGH

Tá trí cinn de choistí Ceantair Bardasaigh ann ag éirí as na ceithre Thoghcheantar Áitiúla mar seo a leanas:

Ceantar Bardasach	Toghcheantar Áitiúil	Cathaoirleach:	Cruinnithe a bhí ann
Ceantar Bardasach DHÚN DEALGAN	Dún Dealgan/ Cairlinn	An Cathaoirleach Maria Doyle	An chéad Mháirt den mhí
	Dún Dealgan Theas		
Ceantar Buirge DHROICHEAD ÁTHA	Droichead Átha	An Méara Paul Bell	An chéad Luan den mhí
Ceantar Bardasach BHAILE ÁTHA FHIRDHIA	Baile Átha Fhirdhia	An Cathaoirleach Colm Markey	An chéad Déardaoin den mhí


SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Ar aon dul le prionsabail “Tús áite a thabhairt do dhaoine”, geallann Comhairle Contae Lú raon leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal ar an tslí is fearr is féidir agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm i ngach idirbheart lenár gcustaiméirí.

Rinneadh feabhsuithe suntasacha ar na Seirbhísí do Chustaiméirí agus dhíríomar go háirithe ar sheirbhísí a chur ar fáil ag an bpointe is gaire don chustaiméir. Tá a córas CRM dar teideal SugarCRM, i bhfeidhm anois i ngach roinn. Cabhraíonn an córas seo linn tuiscint a fháil ar riachtanais ár gcustaiméirí



agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí a chuirtear seirbhísí riachtanacha ar fáil. Le linn 2015, thaifead ár bhfoireann ardoilte agus éifeachtach i ngach ceann dár nOifigí Cathartha i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia 28,619 cás ar SugarCRM agus réitíodh 94% díobh sin.



Líon na gcásanna a taifeadadh ar SugarCRM de réir réimse ardéilimh.

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ


Thaispeáin Clár na dToghtóirí, a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra, 2015, 93,426 de phobal vótála, comhdhéanta de:

Miondealú de réir chineál an toghthóra

Toghtóirí Uachtaránachta	88,237
Toghtóirí Dála	89,034
Toghtóirí Eorpacha	89,983
Toghtóirí Áitiúla	93,426



Miondealú de réir Toghcheantair Áitiúil



De bharr an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 díscaoileadh trí cinn de chomhairlí baile agus cruthaíodh Ceantair Bhardasacha Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Dealgan agus Ceantar Buirge Dhroichead Átha. Dhá Thoghcheantar Áitiúil (Dún Dealgan Cairinn agus Dún Dealgan Theas) atá i gCeantar Bardasach Dhún Dealgan.

Clár Leasaithe na dToghthóirí

Tá 3,072 i gClár Leasaithe na dToghthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2014.


Toghcháin le linn 2014

Dé hAoine an 23 Bealtaine ritheadh toghcháin áitiúil agus toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar an lá céanna.

SLÁINTE agus SÁBHÁILTEACHT

Dhírigh an roinn sláinte agus sábháilteachta i mbliana ar chórais agus próisis sláinte agus sábháilteachta a chaighdeánú tar éis an aontaithe. Tugadh isteach spricléibhéil feidhmíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht chun feabhsuithe i gcaighdeáin sábháilteachta ar fud na heagraíochta a chothú agus a dhaingniú. Bhí an t-údarás áitiúil rannpháirteach, leis, i Lá Cuimhneacháin na nOibríthe agus aibhsíodh tríd na meáin shóisialta nithe a bhaineann le sábháilteacht san ionad oibre.

Lámhleabhar Sábháilteachta an Fhostaí _Roinn S&S ►





OIFIG EORPACH & FUINNIMH

Cistiú AE

Chuaigh an Stiúarthóireacht chun tosaigh ó thaobh deiseanna maoiniúcháin do Chomhairle Contae Lú ó chláir mhaoiniúcháin lena n-áirítear INTERREG VA agus Peace 1V.

I ngach togra bhí idirchaidreamh le Stiúarthóireachtaí eile ar thionscadail oiriúnacha a chinnteodh dea-chleachtas agus caighdeánú feabhsaithe ar iarratais ar chistiú dá shórt.

Tionscadal INDICATE

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtionscadal INDICATE i 2015, tríd an Seachtú Creachlár. Mairfidh an tionscadal 36 mí agus is comhoibriú é idir geallsealbhóirí in Éirinn, san Eilvéis agus san Iodáil. Is é aidhm an tionscadal pacáiste bogearraí a fhorbairt a chuideoidh le pleanálaithe agus ailtirí agus leo siúd a oibríonn san earnáil caomhnaithe fuinnimh chun máistirphlean a cheapadh ar an mionscála agus ar an mórscála.



An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP)


Shocraigh an Rialtas 33% de sprioc maidir le héifeachtúlacht fuinnimh le baint amach ag comhlachtaí poiblí faoi 2020. Ní mór do chomhlachtaí poiblí, Comhairle Contae Lú san áireamh, a n-úsáid fuinnimh a thuairisciú go bliantúil. Taispeáineann figiúirí sealadacha 2015 do Chomhairle Contae Lú 33.8% de choigilt fuinnimh, ó mbuntréimhse.

Tá roinnt tosa ann a mbíonn tionchar acu ar phróifíl fuinnimh/ídithe Chomhairle Contae Lú. Cé gur bhaineamar amach sprioc NEEAP cúig bliana roimh ré, is amhlaidh is fearr don phláinéad agus don eagraíocht é má éiríonn linn an sprioc a shárú.

An Tionscadal um Pobal Fuinnimh níos Fearr 2015

Bhronn Údarás Inmharthana Fuinnimh na hÉireann, tríd an gClár um Chistiú Pobail d'Fhuinneamh níos Fearr €850k de chistiú ar Chomhairle Contae Lú do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ar fud Chomhairle Lú i 2015.

Ba iad Oifig Eorpach agus Fuinnimh Chomhairle Contae Lú a threoraigh an scéim, agus ar na tionscadail a fuair tacaíocht airgeadais bhí aisfheistiú 220 teach údaráis áitiúil, feabhsuithe fuinnimh i roinnt foirgneamh de chuid





Oifig na nOibreacha Poiblí agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí, feabhsuithe fuinnimh i scoileanna, eagraíochtaí pobail agus áiseanna spóirt. Lean €1.9m d'infheistíocht iomlán tionscadail na feabhsúcháin fuinnimh; bhí €850m de chúnamh deontais i gceist, a d'fhág gur spáráladh 31% ar chostais fuinnimh.

Fuair Comhairle Contae Lú aitheantas náisiúnta don scéim seo, de bhrí gur spáráil raon leathan rannpháirtithe agus eagraíochtaí pobail méid suntasach fuinnimh. Tá tábhacht le tionscadail aischóirithe don chontae ar fad de bhrí go laghdaítear an oiread fuinnimh bhreosla a ídítear agus go gcuirtear fostaíocht áitiúil a bhfuil géarghá leis ar fáil.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Rialú Madraí

Thóg an póna isteach 554 madra i 2015, rud ab ionann agus 56 de mhéadu ar an mbliain roimhe. Den méid sin tháinig úinéirí ar thóir 205 díobh nó fuarthas baile dóibh díreach ón bpóna, agus fuarthas bailte nua do 290 madra eile trí charthanais éagsúla, go háirithe trí Dundalk Dogs. Ciallaíonn na figiúirí seo go bhfuarthas baile do 92% de na madraí a chuaigh isteach sa phóna, rud ab ionann agus 88% de mhéadú ar an mbliain roimhe. Tharla an méadú ba mhó i líon na madraí a dtáinig úinéirí faoina ndéin, ó 19% go 22%, de bharr méadú ar mhicríliseanna i madraí, b'fhéidir, de réir mar a thagann sé sin chun bheith éigeantach, faoi rialacháin nua a tugadh isteach i 2015.

Ba é 5,627 líon na gceadúnas madraí sa chontae i 2015, laghdú beag ar 2014, ach mhéadaigh líon na gceadúnas saoil ó nialas i 2014 go 14 i 2015. Eisíodh 1,000 ceadúnas ar líne i gcónaí, arb ionann é agus 18% de dhíolacháin, ar cion suntasach é. Bhí rialú madraí ag ardleibhéal agus eisíodh 273 fógra pionóis seasta i 2015 agus íocadh níos mó de na fógraí seo ná in aon chontae eile sa tír.

Rinneadh cigireacht agus clárú ar dhá bhunaíocht bhreise póraithe madraírud a thug líon na n-áiseanna póraithe cláraithe i Lú go 6.

• Maidir le:- Lá Oscailte ag Póna na Madraí

Mar chomóradh ar chothrom deich mbliana an Phóna Ainmnithe ag Droim Ineasclainn, bhí dhá lá oscailte acu i nDeireadh Fómhair. Tugadh cuireadh don phobal bheith i láthair agus turas a dhéanamh ar an tsaoráid agus bualadh le foireann na Rannóige Seirbhísí Tréidliachta agus Tarrtháil Madraí Dhún Dealgan.



▲ (ó chlé):- Padraig McKeown – Maor Madraí, LCC, Ann Monahan – Tarrtháil Madraí Dhún Dealgan, Anne Moore – Tarrtháil Madraí Dhún Dealgan, Karen Kelly – Seirbhísí Tréidliachta, LCC, Tommy Conway – Maor Madraí, LCC, Gerry McDonald – Maor Madraí, LCC, Garrett Shine, Oifigeach Tréidliachta Contae, LCC



Bhí micrhliseanna do mhadraí ar fáil saor in aisce i gcaitheamh an dá lá. D'éirigh go hiontach leis an dá Lá Oscailte agus méadaíodh tuiscint an phobail ar leas madraí agus ar oibleagáidí dlíthiúla úinéirí madraí.

Rialú Capall

Bhí gníomhaíocht shuntasach maidir le rialú capall ann i 2015 ach fós féin is i laghad atá líon na gcapall ag dul; gníomhaíodh maidir le 145 capall i 2013, 93 capall i 2014 agus 43 capall i 2015. Ní raibh ceadúnas ná micrhlis ag formhór na gcapall a tháinig isteach sa phóna agus mar sin ba dheacair úinéirí a aimsiú.

Sábháilteacht Bia


Tá 13 bhunaíocht faoi chigireacht roinn tréidliachta Chomhairle Contae Lú; is ionann sin agus eamlas amháin, 10 gcinn de mhonarchana ceadaithe gearrtha/cócaireála feola

Ceantar Mhéara Dhroichead Átha Íomhána 2015



Bronntar Saoirse Cheantar Buirge Dhroichead Átha ar an Uachtarán, Mícheál D. Ó hUiginn, an 22 Bealtaine 2015. Sa phictiúr anseo leis an iar-Mhéara Kevin Callan & Foireann Sheirbhísí Corparáideacha. ▲

Gradaim an Mhéara 13 Bealtaine 2015 - Grianghraif thíos ▼ agus féach thall ►





RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



TITHÍOCHT AGUS POBAIL

MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA 2015

Ag deireadh 2015 bhí 4,861 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 627 iarrthóir ar liosta Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia, 1966 ar liosta Cheantar Bardasach Dhroichead Átha agus 2268 ar liosta Cheantar Bardasach Dhún Dealgan.

Leithdháiltí Tithíochta

Leithdháileadh 149 teach sóisialta agus 55 teach eile trí chumainn deonacha tithíochta. Bhí an Scéim Ligin Bunaithe ar Rogha Píolótach ar siúl i gcónaí agus bhí 19 teach leithdháilte faoi dheireadh Nollaig 2015. Oibríonn an scéim ar an mbonn go bhfógraítear teach folamh ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus go dtugtar cuireadh d'iarrthóirí léiriú spéise a dhéanamh maidir le tithe ar leith. Tar éis an dáta deiridh, measúnaítear na hiarrthóirí agus déantar an leithdháileadh.

An Scéim um Chóiríocht Cíosa (RAS)

Tionscnamh de chuid na n-údarás áitiúil is ea an Scéim um Chóiríocht Cíosa ag tacú le cláir tithíochta sóisialta. Tógtar cóiríocht phríobháideach ar son tionóntaí incháilithe; ag deireadh 2015 bhí 165 áitreabh oiriúnach sa Scéim RAS.

Léasanna Fadtéarmacha

Tógann an Chomhairle tithe agus árasáin san earnáil príobháideach ar léas fadtéarmach i gcónaí ar feadh tréimhsí suas le 20 bliain. Úsáidtear na tithe agus na hárasáin seo chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarrthóirí ón liosta tithíochta. Ag deireadh 2015 bhí 235 teach agus árasán srl. ar léas fadtéarmach.

Stoc Príobháideach ar Cíos

Le linn 2014 rinneadh 991 cigireacht ar stoc príobháideach ar cíos de réir Rialachán na gCaighdeán i dTithíocht ar Cíos.

Soláthar Tithíochta

Bhí an Roinn Caipitil Tithíochta ag cur lena chlár ceannaithe tithe ó 2014 trí 43 teach a cheannach le linn 2015 chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil sa chontae. €5.5 milliún sa iomlán a chosain na tithe a ceannaíodh. Tá spriocanna uailmhianacha le comhlíonadh ag an gComhairle faoin gClár Tithíochta Sóisialta agus tá tithe dhá sheomra leapa, trí sheomra leapa agus ceithre sheomra leapa á lorg ar fud an chontae. Chabhraigh Scéim um Chúnamh Caipitil agus Cuid V de na Rialacháin Pleanála chun sprioc iomlán na Comhairle a shroicheadh, is é sin 778 aonad tithíochta a chur ar fáil trí thógáil agus ceannach.

Tithíocht Shóisialta

Ag deireadh 2015, bhí na haonaid tithíochta seo a leanas ag Comhairle Contae Lú:



Stoc - Nollaig, 2015	Iomlán
Stoc Tithíochta Sóisialta	3677
Tithíocht Inacmhainne Neamhdhíolta i dTionóntachtaí Léasa Deonacha Sóisialta	54
Aonaid Tithíochta Sóisialta (Morgáiste go Cíos san áireamh)	352
Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle agus faoi bhainistíocht Chumainn Deonacha Tithíochta	41
Aonaid Dheonacha	768
Tithíocht sa Scéim um Chóiríocht ar Cíos	165

An Roinn Cíosanna & Cothabhála

Tá an Roinn Cíosanna freagrach as cíosanna a ríomh agus a bhailiú i gcás na dtionóntaí seo a leanas:-

- Tionóntaí Comhairle a chónaíonn i dtithíocht de chuid na Comhairle: 3,677
- Tionóntaí i dtithíocht ar léas fadtéarmach: 235
- Tionóntaí in aonaid faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos 67
- Bainistítear roinnt cuntas Ceannaigh do Thionóntaí, leis.

Measúnachtaí Cíos

- Measúnaítear cíosanna tithíochta ar bhonn cíosanna difreáilte, de réir Scéim Cíosanna Chomhairle Contae Lú:
- Daoine a bhfuil ioncam íseal acu, léiríonn an cíos é sin.
- Má mhéadaíonn d'ioncam, méadóidh do chíos, leis.
- Cuirtear gach ioncam sa teach san áireamh agus coigeartaítear an cíos dá réir.
- Ní mór do thionóntaí aon athrú ina gcúinsí a chur in iúl don Chomhairle láithreach. Áirítear air sin athrú ar ioncam, daoine ag teacht isteach nó ag fágáil an tí, athrú ar stádas fostaíochta srl.

Ní mór foirm cíosa a líonadh isteach uair ar bith a athríonn cúinsí.

I Lúnasa 2015, d'athbhreithnigh an Chomhairle a chuntais cíosa agus seoladh litir chuig gach tionónta lena gcíos leasaithe a chur in iúl dóibh. Gearradh pionós ar 247 cuntas cíosa as faillí a dhéanamh i gcur isteach na foirme cíosa agus sonraí an ioncaim.

Ioncam ó chíosa i 2015:

€9,512,987

Bailiú Cíosanna:

Tá cur chuige réamhghníomhach ag an gComhairle i leith bailiú cíosa agus riaráistí agus ní mór do gach tionónta a shínigh Comhaontú Tionóntachta tar éis Meitheamh 2014 an cíos a íoc trí dhochar díreach óna n-íocaíocht leasa shóisialaigh (Buiséad Teaghlaigh) nó tríd an mbanc. An 31 Nollaig 2015 bhí **989** tionónta ag íoc trí Bhuiséad



Teaghlaigh agus **938** trí bhuanordú. Anuas air sin, is féidir le tionóntaí an cíós a íoc le cárta cíosa in oifig an phoist agus in asraonta Postpoint nó in oifigí airgid na Comhairle i nDroichead Átha, Halla an Chontae agus Sráid Crowe Dún Dealgan, agus i mBaile Átha Fhirdhia. Glactar le híocaíochtaí ar an bhfón, leis, nó trí dhochar díreach míosúil.

Riaráistí Cíosa

B'ionann agus €3,499,526 na riaráistí cíosa ag 31 Nollaig 2015. Tharla an méadú seo de bharr an Athbheithnithe ar Chíos, 2015, nuair a méadaíodh roinnt cíosanna i ngeall ar fhaisnéise níos cothrom le dáta a bheith faighte ag an gComhairle.

Déanann an Chomhairle idirghabháil a luaithe is féidir i gcás riaráistí cíosa, le litreacha meabhrúcháin. Spreagtar tionóntaí chun a gcuid riaráistí a ghlanadh go hiomlán nó plean íocaíochta a chur sa siúl. Gheofar doiciméid maidir leis an bPlean Íocaíochta ag cuntair phoiblí agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.louthcoco.ie/ I want to pay/ Housing Rents and Arrears. Tionóntaí ar mian leo a gcuid riaráistí a phlé go pearsanta, féadfaidh siad cruinniú a bheith acu in Oifigí na Comhairle i Halla an Chontae, Dún Dealgan agus Droichead Átha. Eisítear ráitis ar chíos gach sé mhí.

Leis an Acht Tithíochta (Foralácha Ilghnéitheacha) 2014, tugadh isteach bearta nua chun déileáil le tionóntaí nach nglanann a riaráistí. Tá an Chomhairle ag beartú roinnt Foláireamh Tionóntachta a eisiúint i 2016, ar aon dul leis an reachtaíocht nua.

Cothabháil Tithíochta

An 31 Nollaig 2015, fuarthas **5,408** iarratas ar dheisiú sa Roinn Cothabhála Tithíochta agus logáladh iad ar chóras lhouse na Comhairle. Dúnadh **4,796** iarratas ar dheisiú i 2015. Diúltaíodh deisiúcháin do **182** tionónta i ngeall ar riaráistí cíosa agus gan plean íocaíochta a bheith i bhfeidhm. Oibríonn an Roinn Cíosanna i gcomhar leis an Roinn Cothabhála Tithíochta chun pleananna íocaíochta a aontú agus a shocrú le tionóntaí a ndiúltaítear deisiúcháin dóibh i ngeall ar riaráistí cíosa.

Bainistíocht Eastát

Le Beartas Bainistíochta Eastát Chomhairle Contae Lú féachtar le bainteacht tionóntaí i mbainistíocht eastát údaráis áitiúil. Cuirtear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí tionóntaí trí scéimeanna éagsúla deontais agus tionscnaimh eastát. Oibríonn Oifigigh Teagmhála le Tionóntaí na Comhairle chun grúpaí pobail/comhshaoil a bhunú agus caidreamh a choimeád ar siúl leo chun tionscadail pobalbhunaithe a chur i gcrích agus díriú ar shaincheisteanna eastát a thagann chun cinn i gcaitheamh na bliana.

Seo cuid de na tionscadail a bhíonn de dhíth:

- Comharthaí a chur in airde lena gcuirtear cosc le himirt liathróidí
- Tionscnaimh chun iompar frithshóisialta in eastáit a 'dhearadh amach'.
- Is cabhair iad deontais chun trealamh comhshaoil a sholáthar chun gur féidir le tionóntaí spásanna oscailt ina gcuid eastát a fhorbairt agus a chothabháil.



- In eastáit áirithe is urra agus maor é an tOifigeach Teagmhála le Tionóntaí a bhainistíonn oibrithe tionscnaimh poist chun féar a ghearradh agus bruscar a bhailiú.

Lena chois sin, chuir Comhairle Contae Lú tacaíocht airgeadais agus lóistíochtúil ar fáil do roinnt tionscadal tírdhreachaithe faoi stiúir cónaitheoirí agus chun trealamh bearrtha féir agus garraíodóireachta a cheannach ar mhaithe le heastáit a chothabháil. D'éirigh le tionscnamh eile trínar cuireadh araidí bruscair pobail agus trealamh piochta bruscair ar fail chun tionóntaí a spreagadh chun a bheith gníomhach in obair chun an chuma ar a n-eastát féin a fheabhsú.

Déanann Oifigigh Teagmhála do Thionóntaí cigireachtaí a thithe le cinntiú go ndéantar tithe aonair a chothabháil ar chaighdeán cuí agus go gcuirtear tacaíocht ar fáil do thionóntaí nuair is gá feabhsuithe a dhéanamh. Gach tionónta a fhaigheann tionóntacht ón gComhairle, cuirtear oiliúint réamhthionóntachta ar fáil chun an fhaisnéis chuí a thabhairt dóibh agus iad a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí mar thionóntaí. Déantar cigireacht ar gach leithdháileadh nua ón gComhairle tar éis an leithdháilte le cinntiú go gcoimeádtar dea-chaighdeáin agus chun aon fhadhbanna a aithint a luaithe is féidir.

Bhí eastáit páirteach, leis, i “Seachtain Náisiúnta Glantacháin an Earraigh” agus bhuaigh roinnt eastát údaráis áitiúil duaiseanna sna comórtas bliantúil comhshaoil.

Bhí áiseanna pobail ar fáil in dhá eastát, is iad sin Lios Dubh agus Páirc Mhullaigh Chairlín tionóntaí nua seirbhísí neamhbhrabúis don phobal.

Níor athraigh líon na ngearán a fuarthas i 2015 i dtaca le hiompar frithshóisialta agus gheofar sa tábla thíos sonraí na ngearán a fuarthas, a imscrúdaíodh agus ar gníomhaíodh maidir leo:

	Droichead Átha	Dún Dealgan	Lú
Gearáin a fuarthas i 2015	84	77	38
Níor ghá aon bheart eile	36	30	16
Foláireamh ó bhéal eisithe	19	20	12
An chéad fholáireamh scríofa eisithe	28	26	11
An dara foláireamh scríofa eisithe	2	0	1
An foláireamh scríofa deiridh eisithe	1	1	0
Iarratais déanta ar Orduithe Eisiatais	0	0	0
Díshealbhuithé déanta	0	0	0

*** *Ní féidir cuid de na hiomláin a shuimiú, de bhrí gur iompraíodh torthaí áirithe ar aghaidh ó chásanna a thosaigh i 2014.*



Tugadh isteach nósanna imeachta nua bainistithe eastát agus iompar frithshóisialta chun creidiúnú a ghnóthú don Qmark (Córais Bainistíochta Cáilíochta) ar creat barr feabhais gnó é trína n-athbhreithnítear gach gné d'eagraíocht ar bhonn bliantúil.

Daoine gan Dídean

Is é Comhairle Contae Lú an t-údarás áitiúil atá freagrach as Réigiún an Oirthuaiscrit agus dá réir bainistíonn sé an ceantar seo agus comhlíonann na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean san Oirthuaisceart, 2012-17.

Tá iarrtha ag an Aire Comhshaoil ar údaráis tithíochta a chinntiú go sroictear i ngach cás na spriocanna maidir le haonaid a leithdháileadh ar dhaoine atá gan dídean. Rinneadh an tÁireamh Bliantúil ar Dhaoine a Chodlaíonn Amuigh an 30 Samhain 2015 agus ní raibh aon duine ina chodladh amuigh ar an oíche sin. Ba chóir a chur san áireamh go gcloíonn an sainmhíniú a úsáidtear leis an tsamhail náisiúnta agus nach gcuirtear san áireamh ann daoine atá ag suiteoireacht nó ag dul ó tholg go tolg.

Léiríonn figiúirí 2015 gur tháinig 578 duine i láthair Chomhairle Contae Lú mar dhaoine gan dídean agus gur cuireadh comhairle ar 379 díobh. Cuireadh cóiríocht éigeandála ar fáil do 118 duine. Bhí 55 duine nár cháilithe agus diúltaíodh do 24 duine.

Scéim Athchóirithe Dhiméin Cox

Tar éis Céim 1 de Scéim Athchóirithe Dhiméin Cox a chríochnú go rathúil, inar caitheadh €3 mhilliún ar obair éifeachtúlachta fuinnimh ar 650 teacht, chuaigh Comhairle Contae Lú ar aghaidh go dtí oibreacha Chéime 2A, faoin dtógfar 14 aonad nua tithíochta ar ardleibhéal éifeachtúlachta fuinnimh agus a chabhraíonn chun stoc tithíochta a sholáthar a bheidh oiriúnach do chónaí ar feadh an tsaoil. Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil a ceadú agus thosaigh oibreacha Chéim 2A agus oibreacha gaolmhara comhshaoil ar an suíomh go luath in Eanáir 2015. Measfar go mbeidh na hoibreacha críochnaithe i lár 2016 agus go gcuirfear tús láithreach le hoibreacha Chéim2B/2C/2D a luaithe a chríochnófar Céim 2A.





COISTE ÁITIÚIL FORBARTHA POBAIL LÚ

Bunaíodh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDC) faoi alt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Glacann baill Chomhairle Contae Lú le rún go foirmiúil le ballraíocht LCDC Lú ag a gcruinniú den 21 Iúil 2014.

Ról LCDC Lú

Is é ról LCDC Lú cur chuige comhtháite agus iomlánaithe i leith forbairt áitiúil pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh. Seo go hachomair na feidhmeanna a chuirfidh an LCDC i gcrích faoi fhorálacha an Achta:

- Déanfaidh an LCDC cistiú na forbairt áitiúla á agus pobail a phleanáil agus a mhaoirsiú idir an méid a chaitheann Comhairle Contae Lú nó comhlachtaí forbartha eile thar ceann an stáit.
- Glacfar cur chuige aonaithe i leith forbairt áitiúil agus pobail trí chur chuige comhtháite i leith seirbhísí áitiúla pobalbhunaithe.
- Spreagfar an pobal le bheith páirteach i bpróisis pleanála saoránach agus pobail a mbeidh brí leo.
- Breiseofar na naisc idir seachadadh seirbhísí agus forbairt beartais trí fhoghlaim ghníomhach agus aiseolas.
- Féachfar le cláir áitiúla agus pobail forbartha agus struchtúir seachadta a bhainistiú ar shlí níos éifeachtaí ó thaobh costais.
- Imscrúdófar na deiseanna do chistiú breise

Is é príomhfheidhm LCDC Lú na míreanna pobail i bPlean Eacnamaíoch agus Pobail 2015-2020 a ullmhú, a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déanfaidh LCDC Lú cur chun feidhme na gclár áitiúil agus pobail forbartha a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Ina cháil mar mhaoirseoir, feabhsóidh agus comhordóidh LCDC Lú cláir a mhaoinítear go poiblí chun dúbailt a sheachaint agus gníomhartha CLISTE (Sonrach, Intomhaiste, Insroichte, Ábhartha agus Teoranta ó thaobh Ama) a chinntiú maidir le seachadadh gníomhartha i gCo. Lú.

Ina theannta sin, breithneoidh LCDC Lú dréachtbhearta eacnamaíocha LECP Lú.

Treoirphrionsabail LCDC Lú

Cuireann LCDC Lú maoirseacht agus rialachas ar fáil don fhorbairt pobail i gContae Lú. Déantar amhlaidh trí chur chuige rannpháirteach ‘ón mbonn aníos’ trína n-aithnítear tosaíochtaí trí dhul i gcomhairle go lánbhríoch leis an bpobal. Coimeádfaidh LCDC Lú fócas soiléir ar phobail imeallaithe a chur san áireamh, dul i mbun oibre le daoine ar chumais agus taithí éagsúil i gcomhpháirtíocht chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní áitiúla i dtaca le pleanáil agus forbairt beartais. Díreofar go sonrach ar thimpeallacht pobail a chur ar fáil ina dtabharfar tús áite d’fhiontair agus do chruthú post.



Ballraíocht

Ballraíocht de 19 atá ag LCDC agus toghadh nó ainmníodh na baill trí na colúin éagsúla.

Baill na hEarnála Poiblí	Baill na hEarnála Príobháidí
An Cllr. Colm Markey	Mr. Michael Gaynor, Chamber
An Cllr. Dolores Minogue	Mr. John Cotterell, Chamber
An Cllr. Pearse McGeough	Mr. Eddie Phelan, PPN Deonach
An Cllr. Liam Reilly	Ms Marian Sloan, PPN Cuimsiú Sóisialta
Mr. Tommy McEvoy, LEO, LCC	Mr. Anthony McArdle, PPN Deonach
Ms Anne Keeley, Coimirce Sóisialta	Mr. Kevin Moran, PPN Cuimsiú Sóisialta
Ms Fiona Murphy, FSS	Mr. Breffni Martin, PPN Comhshaoil
Mr. Joe McGuinness, LCC	Mr. Frank O'Brien, ICTU
Mr. Peter Kierans, LMETB	Ms Breeda Tuite, Feirmeoireacht
	Ms Mary Ann McGlynn, Comhpháirtíocht Leader Lú

Ceanglaítear ar LCDC faoin reachtaíocht tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí sa bhliain roimhe sin a fhoilsiú. Sna blianta amach romhainn beidh an tuarascáil bhliantúil sin mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an údaráis áitiúil. Ba chóir go soláthródh an tuarascáil gearrchuntas ar ghníomhaíochtaí sa tréimhse tuairiscithe. Ba chóir an chéad tuarascáil seo, formhuinthe ag an LCDC, a chur faoi bhráid na Comhairle tofa roimh an 31 Márta 2015 nó díreach tar éis an chéad chruinnithe eile de LCDC, atá sceidealta don 13ú Aibreán seo chugainn.

Gearrchuntas ar Ghníomhaíochtaí

Taifead de chruinnithe an LCDC le linn 2015:

- 9 Feabhra 2015
- 13 Aibreán 2015
- 22 Meitheamh 2015
- 14 Meán Fómhair 2015
- 12 Deireadh Fómhair 2015
- 14 Nollaig 2015

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a chlúdaigh an LCDC le linn 2015:

- Plean Áitiúil Pobail Eacnamaíche (LECP)

Ó cheann ceann 2015 lean an LCDC dá mbreithniú ar fhorbairt na spriocanna ardleibhéil do mhír phobail an LCDC. Rinne geallsealbhoirí éagsúla léirithe maidir le Clár



Forbartha Tuaithe, Plean Forbartha Contae, PPN agus eagraíodh ceardlanna le grúpaí ábhartha eile. Eagraíodh roinnt seisiún comhairliúcháin duine le duine, leis

- An Clár um Ghníomhachtú Pobail maidir le Cuimsiú Sóisialta – SICAP

Ag a chruinniú i bhFeabhra 2015 bhronn an LCDC an Tairiscint maidir le Feidhmiú an Chláir SICAP ar Chomhpháirtíocht Leader Lú. Shocraigh an clár dhá cheann de spriocanna dúshlánacha. Ag gach cruinniú eile den LCDC i 2015 thuairiscigh foghrúpa den LCDC ar an dul chun cinn maidir le seachadadh Chláir SICAP. Ag cruinniú na Nollag, chuir an fo-ghrúpa in iúl don LCDC gur cuireadh Clár SICAP 2015 i gcrích go rathúil ó cheann ceann na bliana.

- Straitéis Áitiúil Forbartha

Aontaíodh Comhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach in Aibreán 2015 idir an Chomhairle, bainisteoir airgeadais agus feidhmí cláir, chun clár LEADER a cheapadh. Cuireadh dréacht deiridh den Straitéis faoi bhráid an LCDC/LAG go déanach i mí na Nollag 2015 agus ghlac an LCDC/LAG an straitéis in Eanáir 2016.

SICAP

Leis an gClár um Ghníomhachtú Pobail agus Cuimsiú Sóisialta féachtar le bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhoibriú áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Is é an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a mhaoiníonn agus a mhaoirsionn an clár, a thosaigh an 1 Aibreán 2015 agus a rithfidh go dtí mí na Nollag 2017, agus €26.8 de bhuiséad foriomlán aige do 2015. Cuireann an Ciste Sóisialta Eorpach comh-mhaoiniú ar fáil. Ba é an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) a threoraigh an SICAP i gContae Lú agus ba é lucht feidhmithe Chláir Comhpháirtíochta LEADER Lú a chuir chun feidhme é. Is é fíís an SICAP deiseanna saoil a fheabhsú dóibh siúd atá imeallaithe ón tsochaí, faoi bhochtaineacht nó dífhostaithe trí chineálacha cur chuige i leith forbairt pobail agus trí thacaíochtaí spriocdhírthe.

Is iad spriocanna an SICAP:

- **Spríoc 1** – Pobail áitiúla a neartú
- **Spríoc 2** – Foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn
- **Spríoc 3** – Cabhrú le daoine a bheith ullamh do phost

D'éirigh go maith leis an gclár spriocanna Phlean Bliantúil SICAP 2015 do Lú agus shroich Feidhmí an Chláir formhór na spriocanna ceannlíne agus sáraíodh figiúirí 2015 i gcuid mhaith cásanna.

Bhí ardleibhéal comhoibrithe ann idir ghníomhaireachtaí lena n-áirítear Tionscadal ENGAGE agus taighde bonnlíne ar rannpháirtíocht sa PPN i Lú agus monatóireacht air.



AN tAONAD SPÓIRT

D'fhorbair agus bhainistigh an tAonad Spóirt roinnt clár i gcaitheamh na bliana:

Ionad Spóirt Dhún Dealgan

- Leanadh den chomhairliúchán i 2015 agus deacrachtaí conarthacha le sárú. Cuireadh moill ar an athoscailt dá bharr.
- Clár For-rochtana – Cuireadh oiliúint ar 230 dalta bunscoile tríd an gClár For-rochtana Cispheile.
- Cuireadh oiliúint tríd an gclár céanna ar 40 dalta bunscoile in imeacht tréimhse 12 seachtaine.

Forbairt Spóirt

- I nDeireadh Fómhair fuarthas €100,000 tríd an gClár Caipitil Spóirt chun faichí imeartha i nDroichead Átha a fhorbairt.
- Osclaíodh an faiche nua babhlála i Staid Lourdes i Samhain.
- Fuair 19 gcinn de chlubanna spóirt ar fud an chontae tacaíocht trí Dheontas Chlub Spóirt Chomhairle Contae Lú.

Comhpháirtíocht Spóirt Lú

- I Samhain 2015 cuireadh tús le tionscnamh spóirt/cuntais suanaíochta chun 'Clár Ceannaireachta Spóirt' a mhaoiniú. Rinneadh Ceannairí Spóirt Pobail de 20 mac léinn idirbhliana ó cheithre cinn de mheánscoileanna.
- Ritheadh ranganna Zumba agus Aeróbaice do dhaoine fásta faoi mhíchumas trí Ionad Darro, Droichead Átha agus Rehab Care, Dún Dealgan.
- Bhí 1,014 leanbh páirteach in imeachtaí trastíre ag an am céanna do bhunscoileanna i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha.
- Roghnaíodh Páirc Ceantair Mhuirtheimhne Mór mar phointe tosaigh do Chlár Operation Transformation de chuid RTÉ.
- Eagraíodh Cúrsa Ceannairí Rothaíochta i Samhain 2015 le baill de Chlubanna Rothaíochta Bhaile Átha Fhirdhia agus Chúchulainn.
- Eagraíodh Seachtain na Rothar idir an 13ú agus an 21ú Meitheamh. Oileadh 213 mac léinn ó 13 scoil agus grúpa míchumais amháin i dteicnící sábháilte rothaíochta.
- Eagraíodh ocht gcinn de chúrsaí cosanta a haon agus oileadh os cionn 100 duine.
- Eagraíodh an tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire idir 28 Meitheamh agus 4 Iúil. Rinne 48 duine óg ó "An Teach", i dTionscadal Críochnaithe Scoile Dhiméin Cox, Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia lá gníomhaíochta lasmuigh le hIonad Eachraíochta Chairlín.

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Lú 2015

▼ Rás trastíre na mbunscoileanna 2015 Droichead Átha



▼ Lúthchleasaíocht Halla Spóirt 2015



▲ Seachtain na Rothar 2015

▲ Trí-atlan na hIdirbhliana (buaiteoirí) 2015



▲ Trí-atlan na hIdirbhliana (buaiteoir) 2015

▲ Rannpháirtithe i gcúrsa ceannairí spóirt Nollaig 2015 Droichead Átha

RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



▲ oiliúint sábháilteachta rothar i Seachtain na Rothar



▲ Operation Transformation 2015- Staid Lourdes, Droichead Átha (ullmhú)



▲ Rith Páirce, Dún Dealgan



▲ Operation Transformation 2015- Staid Lourdes, Droichead Átha ▶





TACAÍOCHT POBAIL

Comórtas na mBailte Slachtmhara

D'éirigh go han-mhaith arís le bailte agus sráidbhaile i Lú i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2015. Choimeád Droichead agus Dún Dealgan a mboinn óir agus bronnadh boinn airgid an athuir ar Bhaile an Tallúnaigh agus ar na Creagacha Dubha. Bhuaigh Baile Átha Fhirdhia agus Cnoc an Droichid boinn chré-umha. Bhuaigh an Gráinseach Duais Iarrachta don chontae. Dea-scéal eile don chontae ab ea é nuair a bhuaigh Droim Ineasclainn an Duais Óige do Lár na Tíre agus Na Creagacha Dubha Duais an Athraithe Aeráide.



Eastás an tSeandroichid i nDún Dealgan a bhuaigh an duais don Eastát ▲
Údaráis Áitiúil is fearr i nDún Dealgan 2015_Bainistíocht Eastát t


Duaiseanna Dea-bhail ar Lú 2015

An 17 Meán Fómhair, eagraíodh Duaiseanna Dea-bhail ar Lú 2015 chun luach saothair a bhronnadh ar ghrúpaí bailte slachtmhara, cumainn cónaitheoirí, grúpaí pobail, gnóthais agus saorálaithe a oibríonn go crua chun an contae a fheabhsú.

Ba iad Coiste Bailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha buaiteoirí móra na hoíche: bhuaigh siad an Duais Fhoriomlán agus Duaiseanna d'Íoslachdú Dramhaíola, don tSraithchomórtas Bruscair agus don Reilig is Fearr Cruith. Bhí an dara duais tuille ag Baile an Tallúnaigh agus fuair siad roinnt duaiseanna sna catagóirí Eastát Tithíochta. Bhuaigh Droim Ineasclainn an triú duais agus bhí Cnoc an Droichid, Dún Léire agus Ó Méith i measc na bpríomhbhuaiteoirí. Bronnadh an duais as an Eastát Tithíochta ab Fhearr i gContae Lú ar Chlós na Manach i gCairlín.

Duaiseanna Áilleacht aran mBóinn 2015

Eagraíodh na duaiseanna seo an 22 Deireadh Fómhair sa d Hotel chun aitheantas a thabhairt do chumainn cónaitheoirí, grúpaí pobail agus gnóthais a oibríonn go crua chun cáilíocht na beatha i mbaile Dhroichead Átha a fheabhsú.



Áilleacht ar an mBóinn 2015 - Scholars Hotel- Buaiteoir ▲

◀ Improve our Town- Best Front Garden 1st Prize - 306 Greenacres



Clár na Scoileanna Glas

Tá Clár na Scoileanna Glas ag fás i gcónaí i Lú agus tá scoileanna ar fud an chontae cláraithe don chlár náisiúnta comhshaoil seo. Bronnadh bratacha ag searmanas an 21 Bealtaine 2015 ag Amharclann an Helix in DCU agus bhí ionadaithe ó cheithre scoil is fiche ó Lú i láthair.

DUASEANNA GROW

Reáchtáladh searmanas na nDuaiseanna Glasa do Dhramhaíl Orgánach agus Íoslagh dú Dramhaíola an 11 Meitheamh 2015 in Óstán an Crowne Plaza. Ba iad an Dr. Pamela Whitaker ó Groundswell agus Andrew Fleming of Owls.ie. na haoichainteoirí. Ba é Scoil Mhuire na Trócaire ó Bhaile Átha Fhirdhia a bhuaigh Scoil na Bliana.



Tugadh aitheantas, leis, don tacaíocht iontach a fuathas ó mhúinteoirí an cheantair agus bronnadh duaiseanna ar Edel Lennon as Scoil Náisiúnta Chlainn agus John Farrell as Scoil Náisiúnta Fhearann na Manach. Ba iad Rang 3 ó Scoil Náisiúnta Dhroim Ineasclainn lena múinteoir Ms. Larney's a bhuaigh Dúshlán Threibh na gCrann le iontráil bunaithe ar "Fhál Éireannach".

◀ Eco Tribes 2015.

Trashion Fashion



▲ Buaiteoirí ó Trashion Faisean 2015.

Eagraíodh an tríú sraith duaiseanna bliantúla "Trashion Fashion" an 27 Eanáir 2015 in Óstán an Carrickdale. Is údar mórtais do Chomhairle Contae Lú agus do Choiste Bailte Slachtmhara Lú araon an clár seo a chur chun cinn. Is ardán é trína spreagtar dearthóirí óga chun fuollábhair a úsáid chun dearthaí couture agus saothair ealaíne a chruthú astu. Thaispeáin mac léinn amháin is caoga na rudaí dochreidte a bhí déanta acu as ábhair athchúrsáilte. Tá an ócáid seo anois ar cheann de phríomhócáidí fhéilire na Meánscoileanna sa chontae.

Roghnaíodh seisear iontrálaithe chun dul ar aghaidh go dtí an taispeántas ceannais de Junk Kouture sa 3 Arena; bhí ceithre ionadaí ag Meánscoil Naomh Uinseann ann agus dhá fheisteas as Iar-bhunscoil na Sceiche.

Feachtas Raidió Nollaig níos Glaise

Tugadh faoin dara bliain den chomhthionscnamh seo i gcomhar le bunscoileanna áitiúla agus LMFm chun cosc dramhaíola a chur chun cinn le linn shéasúr na saoire. Ba é téama 2015 'Nollaig níos Glaise'.

Ba é aidhm an chomórtais séasúr féilteúil a chur chun cinn ina ndéanfaí iarracht dramhaíl a laghdú agus leibhéal na hathchúrsála a mhéadú ar nithe amhail cártaí, cairtchlár, pacáistiú, cannaí, agus buidéal. Scríobh daltaí scoile áitiúla dánta chun cosc



dramhaíola a chur chun cinn, agus taispeánadh iad ar shuíomh gréasáin www.louthcoco.ie le linn na saoire. Ba iad Scoil Mhuire na Trócaire i mBaile Átha Fhirdhia a bhuaigh, agus ranganna i Scoil Náisiúnta Dhroim Ineasclainn an bhain an dara agus an tríú duais.

Bratach Gorm

Choimeád Lú na trí Bhratach Gorm ag tránna ag Ceann Chlochair, Port agus Baile an Teampaill. Is duais idirnáisiúnta do shártránna é an Bratach Gorm, a oibríonn an Taisce in Éirinn. Bronntar an duais ar thránna agus ar mhuiríní a bhfuil uisce ar ardchaighdeán acu agus a shroicheann ardchaighdeáin i raon leathan critéar lena n-áirítear oideachas comhshaoil, bainistíocht an chomhshaoil, caighdeán an uisce agus sábháilteacht uisce. Tá an turasóireacht fíorthábhachtach do Lú agus is áit shábháilte do theaghlaigh agus do chuariteoirí araon iad ár dtránna Bratach Gorm, mar ar féidir leo scothlá a bheith acu.

Mórtas Áite

Rinne Cairlín agus Dún Dealgan ionadaíocht do Dhún Dealgan sa chomórtas Mórtas Áite 2015. Féachtar sa chomórtas seo le haitheantas a thabhairt do bhainteacht an phobail áitiúil i ngach gné den athghiniúint uirbeach agus tuaithe, lena n-áirítear comhtháthú sóisialta, oidhreacht agus feacht comhshaoil a chur chun cinn i ngach ceann de dhá chontae is tríocha na hÉireann.

Is é Comhar Éireann agus coiste stiúrtha Mórtas Áite a ritheann an comórtas agus faightear ainmniúcháin ó údarais áitiúla i ngach cearn d'Éirinn.

▼ Mórtas Áite 2015- Moltóir i mbun cainte le banna áitiúil



Bhí Cairlín i measc na mbuaiteoirí sa searmanas duaiseanna in Inis, Co. an Chláir, Co. Clare, os comhair breis is 800 duine. Bhain an sráidbhaile an dara duais sa chatagóir do dhaonraí 1000-2000.

◀ Mórtas Áite 2015 - Cairlín, Co Lú





LEABHARLANNA CONTAE, CARLANNA AGUS SEIRBHÍSÍ MÚSAEIM LÚ

Is iad Leabharlanna, Cartlanna, agus Seirbhísí Músaem Lú an bonn taca i gcónaí le cáilíocht na beatha do dhaoine agus do phobail sa chontae.

Úsáid Leabharlanna Contae Lú	2015	2014
• Míreanna tógtha ar iasacht	359,121	400,117
• Cuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha	241,974	275,300
• Baill chláraithe	14,792	15,588
• Seisiúin idirlín curtha ar fáil	19,600	21,543

Seirbhísí leabharlainne

Laghdaigh líon na mball leabharlainne i Lú go 14,792 agus tugadh 241,794 cuairt uirthi, cuireadh 19,600 seisiún idirlín ar fáil agus tógadh 359,121 mhír ar iasacht sa bhliain.

Forbairt brainsí

De réir na nAchtanna lena mbaineann, sheirbheáil Comhairle Contae Lú fógra maidir le ceannach éigeantach talún ag Leabharlann Chairlín.

TIONSCNAIMH LEABHARLAINNE CONTAE

• An tSeirbhís Ríomhleabhar agus Ríomhfhuaimne

Lean Leabharlanna Contae Lú orthu den raon ríomhleabhar agus ríomhfhuaimne a fhorbairt agus a leathnú. Leis an tseirbhís seo, is féidir le baill den leabharlann an bailiúchán an bhrabhsáil ón mbaile agus míreanna a íoslódáil ar a ríomhairí, iPhone, iPad nó táibléad eile. Foilsíodh tairiscint náisiúnta d'acmhainní ar líne go déanach i 2015.

• Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí

Tá Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí ar siúl anois i dtrí cinn de na leabharlanna brainse lánaimseartha i leabharlann Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. Fuair Leabharlanna Contae Lú cistiú i 2015 trí Choiste Cúram Leanaí Lú chun na grúpaí sin a leathnú.

• Ionad Eorpach d'Fhaisnéis Dhíreach, Dún Dealgan

Bronnadh an dara conradh agus cistiú gaolmhar ón gCoimisiún Eorpach chun Ionad Eorpach d'Fhaisnéis Dhíreach a bhunú i Leabharlann Dhún Dealgan ó 2013-2017. Dírionn an tIonad ar réigiún tíreolaíoch Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin agus cuireadh clár éagsúil imeachtaí ar fáil i 2015, lena n-áirítear an comórtas bliantúil 'Europe Direct Soapbox' leis an téama 'Charity Begins at Home'.



- **Eachtra Léitheoireachta an tSamhraidh**

Ritheadh Eachtraíocht Léitheoireachta an tSamhraidh i ngach ceann de na leabharlanna brainse ó cheann ceann an tsamhraidh agus ghlac os cionn 700 páiste páirt iontu. Thug an tionscnamh seo deis don teaghlach iomlán taiscéaladh a dhéanamh ar raon iomlán na n-imeachtaí agus na seirbhísí atá ar fáil sa leabharlann lena n-áirítear: seisiúin scéalaíochta, clubanna leabhair; DVDanna, Cdanna, ríomhleabhair, ríomhfhuaim, Idirlíon agus rochtain Wi-Fi saor in aisce.



Am Scéalaíochta Phlúirín Sneachta p

Bhí an t-aiseolas ón tionscnamh léitheoireachta dearfach agus bhí mórchuid tuismitheoirí an-sásta leis an méadú ar fhéinmhuinín a gcuid leanaí agus ar a gcumas léitheoireachta tar éis an tionscnaimh.

- **Campaí Litearthachta Samhraidh Leanaí**

I gcomhar le teagascóirí ó scoileanna áitiúla DEIS i gContae Lú, chuir Leabharlanna Dhún Dealgán agus Dhroichead Átha campaí litearthachta samhraidh do 120 leanbh. Cur chuige bunaithe ar



Seoladh na Léitheoireachta Samhraidh 2015 p

thionscadal agus cuireadh an bhéim ar ghníomhaíochtaí foghlama spráíúla chun spéis agus inspreagadh na leanaí a mhéadú i scileanna bunúsacha litearthacha agus uimhearthachta a shealbhú.

- **Tionscadal Logainmneacha Lú**

Tar éis an ratha a bhí ar sheoladh an leabhair 'The Field Names of County Louth' i Samhain 2014, seoladh Bunachar Sonraí Logainmneacha Lú i 2015. Cruthaíodh an tionscadal faoi choimirce Chumann Seandálaíochta agus Staire Chontae Lú, Chumann Feirmeoirí Éireann Chontae Lú agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Lú. Idir fómhar 2013 agus earrach 2014 bhailigh líonra de bhreis is 200 saorálach ó gach cearn den tír os cionn 10,000 logainm agus béaloideas gaolmhar don tionscadal.

- **Córas Bainistíochta Leabharlainne**

Le linn 2015 thug an tseirbhís leabharlainne faoi thionscadal mór chun an Córas Bainistíochta Leabharlainne a bhí ann an uair sin a aistriú go córas náisiúnta nuacheaptha. Tabharfaidh an córas nua leabharlainne rochtain ar bhailiúcháin, acmhainní agus ábhar digiteach na leabharlann poiblí uile in aon chuardach amháin. Tabharfaidh Comhairle Contae Lú ballraíocht saor in aisce isteach ó Eanáir 2016 agus déanfar táillí do mhíreanna déanacha a chaighdeánú.



- **Cistiú Fhoras na Gaeilge**

Fuair Leabharlanna Contae Lú cistiú ó Fhoras na Gaeilge chun imeachtaí liteartha i nGaeilge a reáchtáil i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha

- **Oíche Chultúir**

Oíche Chultúir 5 ►

Fuair Leabharlann Dhún Dealgan cistiú ó Oireachtas na Gaeilge chun ócáid Ghaeilge a reáchtáil ar Oíche Chultúir, 18 Meán Fómhair 2015. Ócáid ceoil agus amhrán a bhí ann le cuid de na ceoltóirí traidisiúnta is fearr i Lú, lena n-áirítear an ceoltóir cáiliúil Pádraigín Ní Uallacháin agus a cairde.



- **Clár Cothrom Céad Bliain Lú 1916/2016**

Seoladh Leabhrán Chlár Cothrom Céad Bliain Lú 2016 i 2015. Chuaigh Comhairle Contae Lú i mbun oibre leis an bpobal áitiúil agus bunaíodh coiste comhairleach as ionadaithe ó gach eanáil geallsealbhóra. I bhfógra poiblí iarradh aighneachtaí scríofa a d'fhéadfaí a chur sa Chlár. Dhá aighneacht is tríocha is ea a fuarthas. Tionóladh trí cinn de chruinnithe poiblí comhairliúcháin agus léiríodh an-spéis agus díograis i measc na ndaoine a d'fhreastail orthu. Beidh ról suntasach ag daoine a ionadóidh do bhailte agus sráidbhailte Chontae Lú sna ceiliúrthaí cuimhneacháin.



Irish Design Launch 2015 ►

- **Déan do Laoch Dearaidh Áitiúil a Cheiliúradh le Dearadh na hÉireann 2015**

Sheol an tAire Gnó agus Fostaíochta Ged Nash TD taispeantas ag Leabharlann Dhún Dealgan an 9 Deireadh Fómhair chun an tionscnamh Ceiliúr do Laoch Dearaidh Áitiúil ag leabharlanna ar fud na hÉireann. Sa taispeántar i Leabharlann Dhún Dealgan ceiliúradh an dearthóir faisin, Niamh O'Neill ó Dhún Léire, Co. Lú, a bhfuil duaiseanna buaite aici.

Mar chuid de Dhearadh na hÉireann 2015 (ID2015), tionscnamh bliana le tacaíocht rialtais le dearadh Éireannach a chur chun cinn

agus a cheiliúradh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, tugadh cuireadh do leabharlanna ar fud na tíre laoch áitiúil dearaidh a cheiliúradh trí ócáid phobail nó ceardlann a eagrú.

- **Clár Pobal-Ollscoile**

Lean an tSeirbhís leabharlainne i gcomhar le Comhpháirtíocht Leader Lú dá chúrsaí seachtainiúla foghlama aosaí i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha araon le linn Samhain 2015. Ar na hábhair a bhí ar fáil bhí Síceolaíocht; Staidéar Áitiúil; Forbairt Pobail agus Obair Óige agus thug sé deis do rannpháirtithe plé agus díospóireacht ardoideachais a bhlaiseadh i suíomh aithnidiúil leabharlainne.

Nicola Pierce ►



RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



Seirbhís Chartlainne Chontae Lú

Is é príomhaidhm Sheirbhís Chartlainne Chontae Lú cartlanna poiblí agus príobháideacha Chontae Lú a aithint, a chaomhnú agus a chur ar fáil ar mhaithe le heolas agus taighde. Coimeádann agus nuashonraíonn an tSeirbhís suíomh gréasáin agus leathanach Facebook a chuireann catalóg cartlainne ar líne agus treoracha taighde ar fáil don phobal.

I measc bhuaicphointí 2015 bhí:

- Caomhnú pháipéir Joseph Dolan: cistiú a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta.
- Rudaí a fuarthas: ábhar cartlainne a bhaineann le cúrsaí amharclainne; suirbhé de thailte i mBaile na Fuinseoige; comhaid ar Stair Uí Dhólaín agus Uí Mhuirí de Bhaile Átha Fhirdhia; grianghraif; clár An Tóstal agus taifead de pharóiste Thulach Álainn; cartlanna maidir le: Scéimeanna Feabhsaithe Feirme 1960í-1980í; doiciméid dlí de chuid McNeale agus Moore; cartlanna an Inner Wheel Club (Brainse na mBan de Chlub Rotary Dhroichead Átha); méid beag taifead ó Áras an Chontae; agus plean de phríosún Dhún Dealgan.
- Taispeántas cartlainne de ghrianghraif den ‘Mhór-Bhríbhéireacht Tuaisceartach’ le linn Sheachtain na hOidhreachta.
- Feachtas Cuir eolas ar do Chartlann 14-22 Samhain 2015 nuair a tugadh cuireadh don phobal míreanna maidir le tréimhse 1916-22 a thabhairt le taispeántas 2016 ar Óglaigh Lú faoi choimirce Sheirbhís Chartlainne Chontae Lú.



▲ Óglach Patrick Donnelly

◀ Baile Átha Cliath agus Éirí Amach Shinn Féin

MÚSAEM CONTAE LÚ, DÚN DEALGAN

Ar bhuaicphointí an mhúsaeim i 2015 bhí an taispeántas 'Breith Náisiúin - Éabhlóid an Náisiúntachais in Éirinn 1641-1916' a seoladh go luath sa bhliain. Ar na príomhdheántáin ann bhí forógra bunaidh ó 1916, doiciméid lámhscríofa de chuid Phadraig Mhic Phiarais, WB Yeats and Ruairí Mhic Easmáin agus daoine nach iad. Sa taispeántas, leis, bhí airm troda a úsáideadh leis na céadta bliain, chomh maith le héide, boinn agus earraí cuimhneacháin eile.

An Comh. Peter Savage agus Pearse O'Hanrahan seoladh comórtha 1916 póstaer an Mhúsaeim.



RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



Níorbh é an taispeántas an t-aon bhuaicphointe i mbliain an Mhúsaeim, díreach cúpla mí ina dhiaidh sin d'óstáil sé comhdháil idirnáisiúnta Bridging Ages le toscairí ón Afraic, ó Mheiriceá agus ón Eoraip. Sa chéad tseachtain de Mheitheamh bhain rannpháirtithe sult as páipéir ar ábhair éagsúla inar scrúdaíodh ról agus úsáid na staire i bhfoghlaim ón am atá gafa thar agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chur chun feidhme. Chuir an Músaeim a sheirbhísí laethúla ar fáil ó cheann ceann na bliana: turais treoraithe den bhailiúchán agus den bhaile, agus gníomhaíochtaí scoile um Nollaig, cé go mbeidh cuimhne ar 2015 as an taispeántas Breith Náisiúin agus as oscailt an taispeántais 1916, ar dhúirt duine amháin faoi “tá tuiscint agam anois ar an rud a bhí díreach ar eolas agam cheana.”

▼ **Réalta an tseó** – cóip bhunaidh d’Fhorógra na Saoirse ag taispeántas Mhúsaem an Chontae ‘Breith Náisiúin’.





OIBRÍOCHTAÍ & SEIRBHÍSÍ ÁITIÚLA

Bonneagar

N53 Céim 3 – Réamhoibreacha tugtha chun críche agus Tairiscint fógraithe le 13 Bealtaine mar dháta deiridh. Cuireadh tús leis an tógáil an 27 Iúil agus b'éigean an bóthar iomlán a dhúnadh. Athosclaíodh an bóthar an 23 Samhain 2015. Na hoibreacha

- Ath-aillíniú ingearach 1.2 km de roinn bóthar ag Baile an Bharrúnaigh go caighdeán 100 km san uair.
- Lánaí do chasadh ar dheis a sholáthar ag Crois an Mhaoir
- Draenáil agus tanú uisce stoirme a sholáthar
- 5,608m³ de charraig, 2,100m³ de phortach agus 10,655m³ d'ábhar oiriúnach a thochailt
- Siúlán/bealach rothar a sholáthar a nascann leis an scéim a críochnaíodh i 2012
- 9,500m² de chosán bóthair a sholáthar

N2 Crois Bhaile an Bhlácaigh – Togra chun an t-achomhal seo a ath-aillíniú. Imscrúdú suímh déanta. Tús curtha le ceannach na talún.

Deisiúcháin droichid - déanta i 9 n-áit.

- Baile an Bhlácaigh
- Duffys Cross
- Clais an Ghainimh
- Baile an Phiobaraigh
- An tÁth Buí
- Blackstaff
- Crois an Chorrbaile
- Crois an Ghréasaí
- Lumpers

Oibreacha Sábháilteachta ar Ísealchostas déanta ag:

An Dromainn – San áireamh sa scéim seo bhí comharthaí bóthair agus marcálacha bóthair nua a shuiteáil gar don scoil náisiúnta agus an teorainn luaise de 50 km san uair ag druidim le Crois an Dromann a leathnú.

Mainistir Bhuite – Teorainn luaise laghdaithe agus geataí a chur i bhfeidhm sa cheantar. Comhartha nua le haghaidh teachtaireachtaí éagsúla a sholáthar, mar aon le cosán breise, oileán tráchta, trasnú rialaithe do choisithe agus marcálacha bóthair.

Mullach an Dúdálaigh - Trasrian nua le comharthaí do choisithe a shuiteáil, maolú tráchta agus teorainne luaise a laghdú.

Páirc clár scátála, Droichead Átha - Cuid 8 ceadaithe agus Tairiscint fógartha. Tús curtha leis an tógáil an 21 Aibreán Ar oscailt don phobal Meitheamh 2015

Faiche babhlála, Staid Lourdes, Droichead Átha - Críochnaíodh an faiche babhlála i mBealtaine 2015 ar chostas €110k, agus fuarthas €65,000 de chistiú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bealach Glas Mór an Oirthir - idir Cairlinn agus Ó Méith, go príomha ar sheanlíne



iarnróid, a thugann radhairc den scoth ó imeall Loch Chairlinn. D'úsáid 61,500 duine an Féarbhealach i 2015 agus 25% acu sin ar rothair. Ba mhéadú é sin ar 2014. Táimid ag lorg bealaí maoiniúcháin chun síneadh a chur leis an bhFéarbhealach chun an taitneamhacht seo a fhorbairt tuilleadh.

Athfhorbairt ar Oifigí Cathartha Shráid an Aonaigh - Cuid 8 fógartha agus ar taispeáin go dtí 4 Samhain.

Scéimeanna Chosaint an Chósta agus Creimeadh Cósta curtha i gcrích ag na háiteanna seo a leanas:

- Seabank, Baile an Ghearlánaigh
- Áth na gCasán
- Baile na Lorgan, Dún Dealgan

Mionoibreacha Maolaithe Tuille ag Dún Léire - Fuarthas cistiú ó Oifig na nOibreacha Poiblí chun Staidéar Tuillte a dhéanamh ag abhantrach Dhún Léire. Ullmhaíodh doiciméid tairisceana agus fógraíodh iad an 25 Samhain 2015.

Staidéar Measúnaithe & Bainistíocht ar Riosca Tuillte in Abhantrach - aithníodh 8 ceantar eile i gContae Lú le measúnú breise a dhéanamh orthu agus foilsíodh dréachtmhapáil tuillte an 20 Samhain do chomhairliúchán an phobail.

Bóthar Rochtana Chlaífort Bhaile na Lorgan - tógtha agus ábhar carntha chun airde an chlaífort a ardú.

Meánscoil ag Baile Mhic Éinigh - gar do bheith críocheithe ag deireadh 2015.

Bunscoil ag Baile Átha Fhirdhia - Ceapadh Foireann Dearaidh agus ullmhaíodh réamhdhearadh. Ceannach talún ó FSS ag dul ar aghaidh go maith.

Staidéar Creimthe Cósta Lú -

Fuair Comhairle Contae Lú €81,000 de chistiú chun staidéar creimthe cósta a dhéanamh an An Grianfort, Baile an Teampaill agus Baile an Díolúnaigh.

Seachadadh Seirbhísí Uisce i Lú

Is é Comhairle Contae Lú a bhainistíonn seirbhísí uisce, idir soláthar agus fuíolluisce, ar bhonn Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann. Tá an Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir Comhairle Contae Lú agus Uisce Éireann i bhfeidhm le 12 mhí anuas.

Teagmháil le Custaiméirí

Fuair Comhairle Contae Lú 1362 ceist chustaiméara ó Uisce Éireann maidir le 2015. Tarchuirfidh Uisce Éireann ceisteanna chuig údaráis áitiúla le haghaidh gnímh agus tá prótacail curtha i dtoll a chéile maidir leis sin. Éascaíonn an tlonad Glaonna córas rianaithe freagraí ar gach ceist agus gearán.

San áireamh sa phróiseas a ceapadh le hUisce Éireann tá comhéadan le hionadaithe tofa. Socraíodh cruinnithe i 2015 le hionadaithe áitiúla agus le hUisce Éireann.



Billeáil Neamhtheaghlaigh Uisce

Is é an Coimisinéir um Rialú Fuinnimh a shocraigh táillí uisce idir thráchtála agus teaghlaigh, agus tá na táillí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2014. Gheofar na chéad bhillí teaghlaigh i 2015. I gcás custaiméirí neamhtheaghlaigh, leanfaidh an t-údarás áitiúil de na méadair a léamh agus faisnéis a tharchuirfear chuig Uisce Éireann a phróiseáil. Tá billí uisce neamhtheaghlaigh eisithe ag an údarás áitiúil thar ceann Uisce Éireann ó Eanáir 2015.

Uisce gan áireamh agus sceitheadh a deisíodh

Deisíodh 785 áit sceite i 2015. Laghdaíodh an t-uisce gan áireamh ó mbonnlíne 2014 de 40.3% go 37.8%. Is ionann sin agus 948 méadar ciúbach sa lá de laghdú.

Grúpscéimeanna Uisce

Tá Comhairle Contae Lú freagrach as grúpscéimeanna uisce. Soláthairtí príobháideacha is ea gach grúpscéim uisce i Lú agus is iad tollphoill na príomhfhoinsí. Ní bhíonn siad ceangailte leis an bpríomhphíoban poiblí. Fuarthas €175,000 de chistiú do ghrúpscéimeanna uisce i 2015.

Plean Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2014-2016

Meastar gur fiú €20m caiteachas Uisce Éireann i gContae Lú. Meastar go ndíreofar sa Plean Infheistíochta ar fheabhsúcháin céime agus riachtanais ceadúnais.

Clár Infheistíochta Caipitil Lú

- Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Fuíolluisce faoi Scéim Shéarachais Bhaile Átha Fhirdhia - Céim an dearaidh
- Scéim Soláthair Uisce Dhroichead Átha - Oibreacha Éigeandála ag Gléasra Cóireála Uisce Steach Luíne (Céim 2) - Céim pleanála agus tairisceana
- Gléasraí Cóireála Fuíolluisce Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha - Gléasra Cóireála Fuíolluisce
- Uasghrádú ar Bhaint Cothaitheach – Próiseas-tiomáinte agus orduithe táille leis an gconraitheoir le haghaidh praghsála agus cur chun feidhme
- Staidéar ar Scéim Shéarachais Dhún Dealgan - Comhairleoir le ceapadh mar chuid de staidéar
- réigiúnach
- Scéim Soláthair Uisce Dhún Dealgan - Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Uisce Chnoc an Chabháin - Céim pleanála & tairisceana
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Ardfhorbartha - Gar do bheith críochnaithe
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Sholáthar Uisce Dhún Dealgan - Tairiscintí eisithe
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Sholáthar Uisce Dhroichead Átha - Tairiscintí eisithe
- Scéim Shéarachais Ó Méith Scéim Shéarachais Ó Méith - Céim an dearaidh



FORBAIRT EACNAMAÍOCH, LEO, EALAÍONA, OIDHREACTH, PLEANÁIL, TURASÓIREACTH, CAOMHNÚ.

Tacaíonn an tAonad Forbartha Eacnamaíche le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Chontae Lú trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú ar mhaithe le cuidiú go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an chontae. Tá an t-aonad bainteach le margú agus cur chun cinn na comhairle mar shuíomh atá cairdiúil le cúrsaí gnó agus déanann sé planáil straitéiseach eacnamaíoch mar bhonn le cinntí beartais Chomhairle Contae Lú. Is obair thábhachtach í sin le cinntiú go mbaintear an leas is fearr is féidir as cinntí forbartha eacnamaíche agus fostaíochta a bhaineann le mórbhonneagar.

Oifig Áitiúil Fiontair (LEO, Lú)

Mar chuid de Chlár Athchóirithe an Rialtais, díscóileadh Bord Fiontair Áitiúil Lú agus corpraíodh an Oifig Áitiúil Fiontair nuacheaptha i struchtúr na Comhairle in Aibreán 2014. Is “Siopa Ilfhreastail” é an LEO do dhuine ar bith atá ag lorg faisnéise agus tacaíochta ar conas gnó a thosú nó a fhorbairt in Éirinn. Is é ról an LEO dlús a chur le forbairt fiontar beag, agus díriú ar fhostaíocht a chruthú i micreaghnóthais agus i ngnóthais bheaga. Tacaítear le gnóthais nua agus féachtar le cumas fostaíocht micreaghnóthas agus gnóthas beag atá ag tosú nó atá ann cheana a mhéadú trí fhaisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir, tacaíocht roghnaíoch airgeadais agus rochtain agus treoir ar thionscnaimh agus seirbhísí ábhartha na Comhairle a chur ar fáil dóibh.

Bliain bhisiúil ab ea 2015 do LEO Lú. Cruthaíodh 73 post de bharr deontas a ceadaíodh agus méaduithe ar ghnóthais a bhí ann cheana agus a d’fhostaigh foireann bhreise i gContae Lú (45 post lánaimseartha agus 28 post páirtaimseartha). Freagraíodh 500 ceist agus rinneadh méadú i 2015 ar líon na rannpháirtithe ar chúrsaí oiliúna agus i gcláir forbartha bainistíochta. Ritheadh 31 ceardlann le 642 rannpháirtí, lena n-áirítear ceardlann soláthair agus ríomhthairiscintí a sholáthar chun cuidiú le lucht gnó tairiscintí a dhéanamh le haghaidh conarthaí móra. Déanann LEO Lú teagmháil go díreach le ranna eile ábhartha den Chomhairle maidir le pointí teagmhála agus saineolas breise soláthair is féidir a chur ar fáil go díreach do ghnóthais. Cuirtear na tacaíochtaí seo chun cinn agus saincheaptar iad chun riachtanais fiontar beag, micreafhiontair agus gnóthais nua i Lú a chomhlíonadh. Dearadh cláir ar leith agus ritheadh iad chun tacú le spriocghrúpaí, ar nós na n-earnálacha bia agus ceardaíochta, miondíola agus mná gnó.

Is cuid d’fhís LEO Lú é a bheith mar chatalaíoch agus abhcóide chun cultúr fiontraíochta dea-chleachtas a bhunú i measc gnóthas nua, micreaghnóthas agus gnóthas beag, agus fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha inmharthana i measc an phobail i gcoitinne. Cuireadh an cuspóir seo i gcrích i 2015 trí raon leathan clár, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear oiliúint chun Do Ghnóthas Féin a Thosú, tacaíochtaí meantóireachta agus cúnamh d’Ionaid Fiontair.

Éascaítear rannpháirtíocht daoine óga go díreach trí LEO Lú trí Dhuisceanna Fiontair do Mhic Léinn agus cláir an Dúshláin Fhiontair do Bhunscoileanna.



- Bhí 15 scoil, ina raibh os cionn 750 mac léinn, páirteach i gClár na nDuaiseanna Fiontair do Mhac Léinn.
- Bhí 25 bunscoil ina raibh 800 dalta rannpháirteach sa Dúshlán Bunscoile i 2015.

I gcaitheamh na bliana bhí LEO Lú rannpháirteach agus gníomhach san iarracht a chumasú do ghnóthais freastal ar raon leathan clár agus imeachtaí nua, m.sh. **Blas na hÉireann, Duaiseanna Bia na hÉireann.** Bhí gnóthais bheaga agus mheánmhéide ón gcontae páirteach ann agus bhain siad cúig dhuais náisiúnta – dhá bhonn óir agus trí bhonn cré-umha – eatarthu. **IBYE** - Bhí 60 fiontraí óg ó Lú rannpháirteach i gcomórtas IBYE (An Fiontraí Óg is fearr in Éirinn). As sin roghnaíodh triúr fiontraithe chun ionadaíocht a dhéanamh do Lú sa Chomórtas Réigiúnach, beirt ón Oirthuaisceart sa chatagóir do Smaointe Nua agus sa chatagóir don Ghnóthas Nua is fearr sa chraobh ceannais i mBaile Átha Cliath.

Riarann LEO Lú Clár na Dearbhán Trádála ar Líne thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun tacú le



Buaiteoir na Duaise Fiontair do Mhac Léinn 2015 ▲



Cathaoirleach Comhairle Contae Lú le Buaiteoirí Réigiúnacha IBYE ▲

LEO Lú IBYE 2015 ▼





gnóthais dul i mbun díolachán ríomhthráchtála. Cheadaigh LEO Lú 42 iarratas i 2015 ar Dhearbháin Trádála ar Líne.

Ina theannta sin, oibríonn LEO Lú le Microfinance Ireland (MFI) chun Ciste lasachtaí Micrifhionstair an Rialtais a sheachadadh. Cheadaíodh trí iarratas as na cúig iarratas a cuireadh isteach chuig LEO Lú i 2015 ar airgead ó Microfinance Ireland.

Áirítear ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, Réigiún an Oirthuaiscirt/Iarthuaiscirt 2015-2017, a seoladh i Samhain 2015, na gníomhaíochtaí seo a leanas, ina mbeidh príomhról ag LEO Lú.

- Cur le líon na bhfiontraíthe agus na ngnóthas tosaigh sa cheantar trí thionscnaimh ar nós Ceardlanna Tús Fiontair;
- Bainteacht le Forbairt Fhiontraíocht Teorainneacha Nua de chuid Enterprise Ireland
- Cláir Cuir Tús le do Ghnó Féin' agus
- Oiliúint a bhaineann le fiontraíocht.

Is cuid de ghníomhaíochtaí LEO Lú do 2016 é seo. Faightear sa Phlean Áitiúil Forbartha Fiontair do 2016 creat mionsonraithe chun tógáil ar an méid atá déanta go dtí seo agus a chinntiú go bhfaigheann fiontair agus fiontraíthe tacaíochtaí éifeachtacha ardchaighdeán i gcónaí ó LEO Lú chun a gcuid gnóthas agus margaí nua a choimeád ag imeacht agus a fhorbairt.

Crios Forbartha Eacnamaíche Tuaithe (REDZ) – Tionscnamh Píolótach – Baile Átha Fhirdhia.

I 2015 fuair Comhairle Contae Lú €50,000 de mhaointiú deontais faoin Tionscnamh Píolótach REDZ do Bhaile Átha Fhirdhia. Fuarthas an cistiú ón Rannóg Forbartha Tuaithe den Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bhainistigh LEO Lú seachadadh an tionscnamh seo i gcomhar leis na geallsealbhóirí cuí.

Crios Forbartha Eacnamaíche Tuaithe – Tionscnamh Píolótach – Droichead Átha

Fuair Comhairle Contae Lú €250,000 de chistiú deontais faoin Tionscnamh Píolótach REDZ le haghaidh Céim II d'Ionad Fiontair an Mhuilinn, Droichead Átha. Fuarthas an cistiú ón Rannóg Forbartha Tuaithe den Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Plean Áitiúil Eacnamaíche agus Pobail

Ceanglaítear an gComhairle, faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 Plean Áitiúil Eacnamaíoch a fhorbairt, comhdhéanta de phlean eacnamaíoch agus plean pobail comhtháite. Is comhfhiontar é an Plean seo idir Coiste Beartais Straitéisigh Eacnamaíoch agus Fiontair Chomhairle Contae Lú agus an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC). Tá spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil ann don chontae, a mhairfidh sé bliana, ar a nglacadh, agus a threoróidh an beartas go dtí 2021.

I Lúnasa 2015 chuir an Chomhairle tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí ar ullmhú an phlean. Tar éis ceadú a fháil ón SPC Eacnamaíoch agus Fiontair agus an LCDC cuireadh an ráiteas soch-eacnamaíoch agus an doiciméad comhairliúcháin a bhí mar bhonn le próiseas ullmhúcháin an LECP ar taispeáint don phobal agus síneadh an dáta d'aighneachtaí maidir leis go dtí an 26 Meán Fómhair 2015. Tugadh cuireadh do



ghrúpaí ionadaíocha de gheallsealbhóirí Pobail agus Fiontair Lú a bheith rannpháirteach i gceardlann dar teideal ‘Comhpháirtíocht i mbun Oibre’ an 14 Deireadh Fómhair 2015. Ba é cuspóir na ceardlainne:

- Na dréachtspríocanna Pobail agus Eacnamaíocha a forbraíodh le geallsealbhóirí a roinnt, féachaint cé chomh hábhartha a bhí siad don eagraíocht.
- Féachaint cad iad na gníomhartha nár mhór a chur i gcrích chun cabhrú le heagraíochtaí dul i mbun oibre le chéile ar shlí níos fearr chun téamaí an LECP a chomhlíonadh:
 1. Fostaíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch
 2. Oideachas, scileanna agus oiliúint
 3. Bochtaineacht agus eisiamh sóisialta

Cabhróidh eilimintí eacnamaíocha an phlean chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn i limistéar feidhme na Comhairle. Tá an plan á réiteach faoi láthair agus meastar go dtabharfar an próiseas comhairliúcháin agus ceadaithe tríd an SPC Eacnamaíoch agus Fiontair, Ceantair Bhardasacha agus Comhairle Iomlánaíoch chun críche i Márta 2016.

Fóram Eacnamaíoch Lú

Tá an fóram seo, a bunaíodh i 2009, comhdhéanta d’earnáil ghnó Chontae Lú, lucht bainistíocht an údaráis áitiúil agus gach ceann de na gníomhaireachtaí Stáit a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht eacnamaíoch sa chontae agus is siopa ilfhreastail é d’infheisteoirí féideartha. Seoladh an Plean Gníomhaíochta um Infheistíocht Dhíreach ón gCoigríoch 2015-2020 an 14 Meán Fómhair 2015. Cothaíonn an LEF, a bhfuil duaiseanna buaite aige, comhpháirtíochtaí i gcónaí agus cultúr de smaointeoireacht asctha chun tuilleadh forbartha eacnamaíche agus cruthú post a éascú go réamhghníomhach i Lú.

Turasóireacht

Is tiománaí den fhorbairt eacnamaíoch é an turasóireacht agus tacaíonn sé le seirbhísí áitiúla. Sheol Fáilte Éireann an ceann scríbe nua Oirthear Ársa na hÉireann in Aibreán 2015. Oibríonn an Chomhairle i gcónaí le Fáilte Éireann chun gach leas is féidir a bhaint as straitéis Fháilte Éireann dar teideal Oirthear Ársa na hÉireann. Tá an obair ar siúl i gcónaí chun contae Lú a chur chun tosaigh le Cinn scríbe tarraingteacha is ea



Féile Mhuirí 2015 ▲



Gleann na Bóinne agus an lúr Múrna Sliabh gCuillinn. D'éirigh go rímhaithe le Féile Muirí na hÉireann i 2015, féile a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht le Port Dhroichead Átha, agus mealladh os cionn 42,000 duine go céanna Dhroichead Átha. Féilte na Nollag – Féile Mhór Dhroichead Átha agus féile nua



▲ Grianghraif den Fhéile Mhuirí 2015

FROSTIVAL Dhún Dealgan - déanann Comhairle Contae Lú iad a thacú agus a mhaoiniú i gcónaí.





Na hEalaíona

